

Gradam buaite ag scoil

Ceist 1

Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi ghradam a bhuaigh daltaí bunscoile mar gheall ar a bhfeachtas ar son na timpeallachta. Sula bhféachfaidh tú ar an mír, an féidir leat féin agus an duine in aice leat Gaeilge a chur ar na focail agus na frásaí seo?



- moving on _____
- lack of action _____
- the climate emergency _____
- joy _____
- fastened, fitted _____
- recognition _____
- it consumes _____
- carbon footprint _____
- overseas _____
- pleading with rulers _____
- industriously _____

Féach ar an tuairisc le feiceáil an raibh an ceart agaibh.

Ceist 2

Féach ar an tuairisc arís agus freagair na ceistanna seo:

1. Cad a bhí le rá ag Barack Obama i nGlaschú?
2. Cén fáth a bhfuil an scoil i gCluain Tuaiscirt sa nuacht?
3. Cad a bhí le rá ag Kate Murray faoi na daltaí agus na múinteoirí sa scoil?
4. Cén fáth a bhfuil daoine ag léirsiú?
5. Cad é an chéad fheachtas eile a dtabharfaidh Scoil Naomh Abhaistín faoi?

Ceist 3 Céim eile

Pléigh an ceisteanna seo a leanas leis na daoine i do ghrúpa.

1. Cad is brí le 'ní briathra ach beartais atá ag teastáil'?
2. Féach ar an bpictiúr faoi cheist 1 – cad atá ar eolas agat faoi na héin sin?
3. Cén Ghaeilge a chuirfeá ar fhocail Barack Obama: *We are nowhere near where we need to be yet.*

Ceist 4 '...a cháineadh...' agus '...ag bogadh...'

1. Cén ghné den ghramadach atá i gceist leis an sampla thuas?
2. Féach ar na habairtí seo agus cuir líne faoin ngné sin i ngach abairt:

*Nach bhfuil sé ag ithe a dhinnéir?
Is breá liom leabhar maith a léamh.
Tá mé ag féachaint ar an teilifís.
Caithfidh mé an obair a dhéanamh.*

3. An féidir leat a rá cén fáth nach bhfuil deireadh na mbriathra mar an gcéanna sna samplaí thíos?

*clis – cliseadh
dún – dúnadh*

*cinntigh – cinntiú
caomhnaigh – caomhnú*

4. Féach ar an mír arís. Breac síos gach sampla den ghné chéanna a chloiseann tú inti.

Ceist 5 '... idir an dá linn...'

Cad is brí leis an nath thuas a bhí le cloisteáil sa mhír?

Cad is brí leis na cinn thíos?

idir dhá chomhairle
idir an dá aois
idir dhá thine Bhealtaine
tá dhá cheann ar an scéal

Cuir in abairtí iad lena mbrí a léiriú.

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat, nó le do ghrúpa.

1. Ar lean tú an nuacht a bhain le COP26 le coicís anuas? Cén fáth?
2. Conas atá do lorg carbóin féin?
3. An gceapann tú gur scéal dóchais é seo? Cén fáth?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

| | |
|-----------------------|----------------------------------|
| moving on | <i>ag bogadh ar aghaidh</i> |
| lack of action | <i>easpa gnímh</i> |
| the climate emergency | <i>géarchéim na haeráide</i> |
| joy | <i>gliondar</i> |
| fastened, fitted | <i>feistithe</i> |
| recognition | <i>aitheantas</i> |
| it consumes | <i>ídíonn sí</i> |
| carbon footprint | <i>lorg carbóin</i> |
| overseas | <i>thar toinn</i> |
| pleading with rulers | <i>ag impí ar lucht ceannais</i> |
| industriously | <i>go treallúsach</i> |

Ceist 2

Féach an script.

Ceist 3

Plé atá i gceist leis na ceisteanna seo.

We are nowhere near where we need to be yet.
Níl muid baol ar an áit ar cheart dúinn a bheith go fóill.

Ceist 4

1. An t-ainm briathartha.
2. Féach ar na habairtí seo agus cuir líne faoin ngné sin i ngach abairt:

*Nach bhfuil sé ag ithe a dhinnéir?
Is breá liom leabhar maith a léamh.
Tá mé ag féachaint ar an teilifís.
Caithfidh mé an obair a dhéanamh.*

3. Briathra den **chéad réimniú** iad 'clis' agus 'dún'. Is iad *–eadh* agus *–adh* na deirí a bhíonn ar ainmneacha briathartha na mbriathra seo sa chéad réimniú, a bhfuil fréamhacha aonsiollacha acu agus a chríochnaíonn ar chonsan seachas *–gh*.

Briathra den **dara réimniú** iad 'cinntigh' agus 'caomhnaigh'. Is iad *–iú* agus *–ú* na deirí a bhíonn ar ainmneacha briathartha na mbriathra seo sa dara réimniú, a bhfuil fréamhacha ilsiollacha acu agus a chríochnaíonn ar (a)igh.

4. Samplaí sa mhír – *ag bogadh, a cháineadh, chun cabhrú, le cuidiú, a shaothrú, ag giniúint (ag gineadh), ag cuidiú (2), a laghdú, a spreagadh, ag obair, ag déanamh, a chur (2), a dhéanamh, a bheith (2), ag impí, díriú, le tabhairt, tarraingt, ag teastáil, le fáil.*

Ceist 5

idir an dá linn: *meanwhile, in the interim*
idir dhá chomhairle: *undecided*
idir an dá aois: *of uncertain age*
idir dhá thine Bhealtaine: *in a dilemma*
tá dhá cheann ar an scéal: *there are two sides to the story*

Ceist 6

Is féidir gach beirt nó triúr a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin cuid de na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

Siún Nic Gearailt

Ag bogadh ar aghaidh anois chuig comhdháil COP26 i nGlaschú na hAlban, tá Iar-Uachtarán na Stát Aontaithe, Barack Obama, tar éis an Rúis agus an tSín a cháineadh go géar as an easpa gnímh atá ar bun acu faoi ghéarchéim na haeráide. Idir an dá linn, tá gníomh ar leith chun cabhrú leis an timpeallacht déanta ag daltaí scoile ar Eachréidh na Gaillimhe, agus gradam mór bainte amach acu dá bharr.

Maolra M. Mac Donnchadha

Glondar na gréine i gCluain Tuaiscirt i gceantar Bhéal Átha na Sluaighe. Tá painéil ghréine feistithe ar Scoil Naomh Abhaistín le cuidiú ó *Airtricity*, agus *Microsoft* agus *Active Eight* mar chuid den togra idirnáisiúnta aeráide. Ón bhfeachtas sin, faoi stiúir leithéidí David Attenborough agus Jane Goodall, a bronnadh an gradam ar na daltaí as a gcuid rannpháirtíochta ghníomhaí¹. Is í an chéad scoil in Éirinn í an t-aitheantas sin a shaothrú as ollghrúpa domhanda scoileanna as 145 tír.

Tá Scoil Naomh Abhaistín anois ag gineadh² 40% den leictreachas a ídionn sí – ag cuidiú go mór lena lorg carbóin a laghdú agus ag cuidiú na gasúir a spreagadh.

Liam Ó Fátharta, Rang a Ceathair

Tá sé go maith don dúlra agus tá sé, tá sé go maith don saol ar fad.

Kate Murray, Scoil Náisiúnta Chluain Tuaiscirt

Tá siad ag obair ar scannáin agus ar bhlaganna agus tá siad ag déanamh rudaí chun feabhas a chur ar an domhan. Agus, tá... cuirimid béim anseo ar rudaí a dhéanamh mar sin, mar caithfidh na leanaí a bheith ag obair don toadhchá. Agus caithfidh muidne freisin, mar mhúinteoirí, a bheith ag obair don toadhchá.

Maolra M. Mac Donnchadha

Thar toinn, an dara seachtain ag COP26, leanann léirsiú ar na sráideanna, ag impí ar lucht ceannais díriú ar an ngéarchéim. Agus, istigh faoi dhíon ag an gcomhdháil, ghríosaigh Barack Obama na toscairí idirnáisiúnta le tabhairt go treallúsach faoin dúshlán, guaim a chur ar théamh tubaisteach na cruinne.

Barak Obama, Iar-Uachtarán na Stát Aontaithe

We are nowhere near where we need to be yet.

Maolra M. Mac Donnchadha

D'impigh sé ar dhaoine tarraingt le chéile in aghaidh lucht an aineolais agus an mhíeolais. Ach, mar a léiríonn daltaí scoile Chluain Tuaiscirt, ní briathra ach beartais atá ag teastáil. Tá rang a ceathair, agus cúig agus sé le dul i mbun feachtas anois le fáil réidh leis an bplaisteach ar ghlasraí agus torthaí sna siopaí go háitiúil.

Maolra Mac Donnchadha, Nuacht TG4.

¹ a gcuid rannpháirtíochta ghníomhach a dúradh

² ag giniúint an leagan caighdeánach